# Bobailiní, coirséid, fean cleití ostraise – seo chugainn an Bhuirlisc



Treasa Bhreathnach









Cé go bhfuil íomhá iontach gnéasach leis an stíl damhsa buirlisce, ní mar sin a thosaigh sé. Ceaptar go bhfuil an focal buirlisc bunaithe ar an bhfocal Laidine *burra* a chiallaíonn beagán, nó ar an bhfocal Spáinnise *burla* a chiallaíonn scéal grinn.

Téann stair an stíl damhsa siar sna blianta agus is sa 16ú haois a ndearnadh tagairt ar dtús dó i litríocht na Spáinne nuair a bhíothas ag déanamh beag den rómáns. San 18ú haois bhíodh seónna buirlisce mar mhagadh ar cheoldrámaí cáiliúla clasaiceacha. Ní go dtí an 19ú haois déag ar tháinig an stíl buirlisce a bhfuil eolas againne air sa lá atá inniu ann ar an saol.

Is í Lisa Darling stiúrthóir an Irish Burlesque School. Ba dhamhsóir buirlisce í agus anois is córagrafaí í. Deir sí, “Is le linn an Chéad Chogadh Domhanda a tháinig borradh ar an stíl damhsa buirlisce nuair a bhí neart seónna buirlisce ar siúl do na saighdiúirí chun ardú meanman a thabhairt dóibh. Bhí an t-uafás conspóide ag baint le buirlisc le linn an chogaidh mar go raibh íomhá ísealaicmeach aici agus go mbreathnaíodh orthu mar sheónna do na boicht.” Bhíodh scéal ag baint leis an damhsa buirlisce i gcónaí agus deir Lisa, “Ní bhaineann damhsóirí buirlisce a gcuid éadaí díobh i gcónaí le linn na seónna, rud nach dtuigeann daoine. Tá leibhéal áirithe smuttiness i gceist leis an stíl damhsa, ag brath ar an damhsóir, an seó nó an scéal féin. Caithfidh scileanna áirithe a bheidh ag gach damhsóir buirlisce mar go bhfuil sé uile bunaithe ar theicnící bailé (*ballet*).”

Oileadh Lisa mar dhamhsóir bailé agus chuaigh sí go *Covent Garden* ar scoláireacht. Chuaigh sí ar aghaidh le bheith ina damhsóir i gcompántas damhsóirí buirlisce go dtí gur bhain sí barr a réime amach mar dhuine de dhamhsóirí *Crazy Horse* i bPáras na Fraince. Is ceann de na seónna cabaret / buirlisce is cáiliúla ar domhan é seo agus bítear á eagrú mar a bheadh compántas airm ann. Ní ghlactar le mná ach ar airde áirithe, de thomhas coime áirithe agus fiú de thomhas áirithe ón nglúin go dtí an choim. I ndiaidh di sealanna a chaitheamh leis na seónna seo tháinig Lisa ar ais agus bhunaigh sí an scoil Éireannach buirlisce, an t-aon cheann sa tír. “Ar dtús,” a deir Lisa, “bhí sé deacair stiúideo damhsa a fháil. Bhí orm cur ina luí ar *Dance Ireland* gur ealaín a bhí sa stíl damhsa, ach tá tacaíocht láidir á tabhairt acu dom anois. Thosaigh mé amach le timpeall seacht gcúrsa damhsa agus bhí an oiread sin tóra orthu go raibh liostaí feithimh agam. Meascán ollmhór de dhaoine a dhéanann na cúrsaí, an duine is óige 18 mbliana d’aois agus an bhean is sine 60 bliain d’aois. Bhí bean amháin a rinne an cúrsa a bhí ag obair in oifig an Taoisigh. Shíl mé go raibh duine éigin ag magadh fúm agus mé ag fáil nótaí ríomhphoist ó sheoladh gov.ie! Is féidir le haon duine damhsa buirlisce a fhoghlaim, sin an rud is fearr faoi gur cuma cén aois tú, cén cruth nó meáchan atá ort.”

Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an persona a thógann damhsóir buirlisce orthu féin. Caithfidh siad ainm stáitse a roghnú ar dtús agus ansin bíonn éide faoi leith á chaitheamh acu ag brath ar an seó atá siad chun a dhéanamh. Smaoinígí ar Dita Von Teese (Heather Renée Sweet a fíorainm), Gypsy Rose Lee (Rose Louise Hovick) nó Dirty Martini (Linda Marraccini). Mar shampla tá damhsóir amháin i mBaile Átha Cliath a dhéanann seónna finscéalaíochta agus tá cultacha Cochaillín Dheirg, Luaithríona agus *Tinker Belle* aici. Mar sin caithfear infheistíocht a dhéanamh más damhsóir tú, idir na coirséid, bobailíní (*tassles*) agus an fearas stáitse mar hataí, gairtéir, fean déanta as cleití ostraise agus gach ní eile a theastaíonn don seó. “Ní hamháin na mná a bhíonn mar dhamhsóirí buirlisce, rud nach dtuigeann daoine, bíonn roinnt fear mar dhamhsóirí buirlisce chomh maith,” a deir Lisa.

Cé go bhfuil an chuid is mó de na seónna buirlisce lonnaithe sna cathracha móra mar an *Cabaret Social Club* i mBaile Átha Cliath nó áiteanna i gCorcaigh, i mBéal Feirste agus i gCill Chainnigh, tá fás agus borradh ag teacht ar an méid áiteanna gur féidir leat teacht ar an mbuirlisc. Tá Lisa chun tús a chur leis an gcéad chompántas buirlisce in Éirinn a bheidh ag déanamh camchuairte ó mhí Eanáir ar aghaidh mar sin tá an scoil ag dul ó neart go neart. Síleann Lisa, “Leis an mbuirlisc, airíonn daoine i bhfad níos fearr agus níos saoire agus bíonn i bhfad níos mó spraoi agat ná mar a bhíonn ag an gym.”

Tá eolas ar ranganna buirlisce le fáil ar www.irishburlesqueschool.com. Tá eolas ar an mbuirlisc fud fad na tíre le fáil ar an bhfóram www.burlesqueireland.com. Beidh an Burlesque Ball ar siúl i mBaile Átha Cliath i mí an Mhárta agus is féidir gléasadh suas mar na réaltaí buirlisce is fearr leat.

